

Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

(De bhun Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 (Acht an Bhainc Ceannais 2003))

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (BASAÉ) de bhun Acht an Bhainc Ceannais 2003. D'ainmnigh an Rialtas seachtar comhalta ar BASAÉ agus rinne an tUachtarán iad a cheapadh. Is iad Francis D. Murphy, iarBhreitheamh ón gCúirt Uachtarach, an Cathaoirleach; agus Inge Clissmann, Abhchóide Sinsearach, an LeasChathaoirleach, atá mar Fheidhmeannaigh ar an mBinse. Is iad seo a leanas Comhaltaí an Bhinse: Geraldine Clarke, John Fish, Liam Madden, John Loughrey agus Paulyne Marrinan-Quinn.
2. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun achomhairc ar bhreitheanna áirithe a thug an Banc Ceannais, a éisteacht agus a dhearbhu. Ainmníonn an Cathaoirleach triúr comhalta ar an mBinse ar mhaithe le achomharc ar leith a éisteacht. Le linn achomharc a éisteacht, féadfaidh an Binse breith a dhaingniú, a athrú, a mhalartú nó a tharchur chuig an mBanc Ceannais. Tá fáil ar bhreitheanna scríofa an Bhinse ar an suíomh gréasáin www.ifsat.ie.
3. Ceapadh na comhaltaí ar feadh tréimhse oifige cúig bliana i mí Feabhra 2007. Athcheapadh na comhaltaí uile ar feadh bliana amháin eile i mí Feabhra 2012 agus éagfaidh an síneadh seo i mí Feabhra 2013.
4. Is í Treasa Kelly B.L. atá mar Chláraitheoir ar BASAÉ.
5. Tá oifigí BASAÉ suite ag Teach Freidiric, 19 Sráid Freidiric Theas, Baile Átha Cliath 2. Teileafóin: 01 6350040; Faics: 01-6350249; Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie agus Seoladh ríomhphoist: Registrar@IFSAT.ie.
6. (a) Tháinig Fógra Achomhairc amháin os comhair an Bhinse i rith na bliana 2012.
(b) Rinne Claremont Money Transfer Limited (Claremont) an Achomharc a thaisceadh ar an 8ú Meitheamh 2012 ag éileamh achomhairc ar chinneadh a rinne Banc Ceannais na hÉireann (an Banc) ag diúltú údarás a bhronnadh ar Claremont, leanúint le Gnólacht Aistrithe Airgid de bhun Rialacháin Chomhphobal Eorpach 2009 (Seirbhísí Íocaíochta).

Taisceadh an Achomharc i ndiaidh don Chláraitheoir, ar iarratas ó Claremont, tráth taiscthe an Fhógra a shíneadh de bhun Riall 4(1) de Rialacháin BASAÉ 2008 (na Rialacháin).

- (c) D'ainmnigh an Cathaoirleach Inge Clissmann agus Geraldine Clarke suí ar an mBinse leis agus an achomharc a éisteacht.
- (d) Chuir Claremont iarratas chuig BASAÉ an táille achomhairc is gá a íoc de réir Riall 5(1) de na Rialacháin a tharscaoileadh. Ar an 12ú Meitheamh 2012, tharscaoil an Binse an táille ina iomláine.
- (e) Bhí fonn ar BASAÉ an achomharc a éisteacht go práinneach agus moladh dáta éisteachta i mí Iúil. De bhrí nach raibh ar a gcumas ag ceachtar páirtí na spriocanna a leagadh síos a chomhlíonadh faoin dáta seo, socraíodh an achomharc a éisteacht ar an 11ú Meán Fómhair 2012.
- (f) I ndiaidh teacht le chéile agus an cheist a phlé arís agus arís eile mhol an Binse ainmnithe do na páirtithe gach doiciméadacht, comhfhreagras, ráitis fhinnéithe maraon le aighneachtaí dlíthiúla a thaisceadh roimh éisteacht an achomhairc.
- (g) Cé go raibh ualach trom oibre ar Chomhaltaí an Bhinse breithniú ar an iliomad comhaid a thaisc Claremont agus an Banc, cuireadh an éisteacht phoiblí de lámh in aon lá amháin.
- (h) Ag éisteacht an Achomhairc, d'ordaigh BASAÉ le toiliú ó Claremont agus an Banc, go ndéanfaí an ní a chur ar ais go dtí an Banc le athbhreithniú a dhéanamh air agus rinneadh roinnt moltaí ina leith.

- 7. Tá cinneadh BASAÉ ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse - Tagairt 008/2012 Claremont Money Transfer Limited v. Central Bank of Ireland.
- 8. Tháinig Comhaltaí BASAÉ le chéile ar ócáid amháin i rith na bliana agus pléadh ceisteanna ba chúram don Bhinse.
- 9. I rith na bliana, d'fhreagair an Cláraitheoir Ceisteanna Párlaiminte ón Roinn Airgeadais, chuaigh sé i gcomhairle le hoifigigh na Roinne agus phlé sé le roinnt ceisteanna ón bpobal i gcoitinne maidir lena ngearáin i leith institiúidí airgeadais éagsúla.
- 10. Nuair a bunaíodh BASAÉ i 2007, thoiligh an Cathaoirleach agus an LeasChathaoirleach a bheith ar fáil ceithre lá agus dhá lá sa mhí faoi seach chun a ngnó feidhmiúcháin a chomhlíonadh. I Meitheamh 2009, thoiligh an Cathaoirleach agus an LeasChathaoirleach

na laethanta sin a laghdú caoga fán gcéad agus thoiligh siad chomh maith a luach saothair a laghdú caoga fán gcéad. I Meitheamh 2011, thoiligh an Cathaoirleach agus an LeasChathaoirleach laghdú caoga fán gcéad eile a ghlacadh ina dtáillí. I 2012, laghdaigh an tUachtarán táillí Chomhaltaí uile BASAÉ.

11. Déanfar na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 a chur ar fáil amach anseo.

Francis D. Murphy
Cathaoirleach
26 Feabhra 2013

Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
Cuntas ioncaim agus caiteachais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2012

Ioncam	2012	2011
	€	€
Cistí a sholáthar an Banc Ceannais	100,000	100,000
Caiteachas		
Costais éisteachta		
Táillí Painéal	6,806	19,524
Gearrscríobhaí	2,274	2,749
Slándáil		300
Costais riaracháin		
Táillí feidhmiúcháin	56,798	79,292
Táillí dlíthiúla agus gairmiúla	538	250
Cuntasaíocht	4,106	4,039
Staiseanóireacht, priontáil & cumarsáid	460	428
Taisteal, cothabháil & ceaintín	480	490
Táillí bainc	63	40
Eile	700	0
Caiteachas iomlán	72,223	107,112
(Easnamh) Barrachas ioncaim de bhreis ar chaiteachas	27,777	(7,112)

Áirítear táillí Feidhmiúcháin an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh ar an mbonn go raibh siad ar fáil do ghnóthaí an Bhinse ar feadh lá amháin agus leathlá sa mhí faoi seach.

Cláraitheoir

Deimhnímid leis seo gur chruthaigh an Cláraitheoir leabhair agus taifid de réir ár gcomhairle agus go bhfuil siad á riaradh againn. Deimhnímid go bhfuil na cuntais thuas bunaithe ar na leabhair agus na taifid chéanna agus go dtugann siad ráiteas cruinn d'ioncam agus caiteachas an Bhinse Achomhairc don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2012.

Spain McQuillan
Chartered Accountants & Registered Auditors